# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

19 Deireadh Fómhair 2023 || Eagrán 169

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le breis agus trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Is pointe eolais agus foinse taitnimh é *Scéal, Scéal, Scéal...* agus ba bhreá linn dá mbeadh ionchur ag an bpobal ann. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil agus a phlé. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**





# COMÓRTAS NÁISIÚNTA PODCHRAOLADH GAEL LINN

Comhghairdeachas ó chroí le grúpa ó Choláiste Chroí Mhuire ar éirigh leo an dara háit a bhaint amach i gComórtas Náisiúnta Podchraoladh Gael Linn leis an gclár 'Caidreamh Casta'. B'iad Ferdia Ó Nuanáin Seoighe (an teicneoir) chomh maith le Róise Ní Churraoin agus Diarmuid Ó Gabhláin (na láithreoirí) a ghlac leis an duais ar son an ghrúpa ag an mbronnadh i bPáirc an Chrócaigh an tseachtain seo caite. Is obair ghrúpa a bhí i gceist leis an togra seo agus bhí deichniúr páirteach san iarracht, ina measc Fionnán Ó Coisdealbha, Éabha Ní Chonghaile, Shauna Bindon, Ciara Cox, Róisín Bhreathnach, Tara Ní Loinsigh agus Tadhg Bodwell Ó Néill. Déanann muid comhghairdeachas mór millteach freisin le daltaí eile de chuid na scoile a ghlac le duaiseanna ag an ócáid. D'éirigh le Ciara Ní Mhainín an chéad áit a ghnóthú i gComórtas Náisiúnta Tráchtaireachta na bliana seo agus fuair Eoin Ó Neachtain an dara háit sa gcomórtas céanna. Bhain Síofra Ní Scanláin an phríomhdhuais amach don iarracht is fearr as iontrálacha uilig an chomórtais. Éacht gan dabht déanta ag scoláirí óga na scoile agus tá pobal na scoile ar fad thar a bheith bródúil astu!



# FOLÚNTAIS AG AN mBOGHA CEATHA

Tá an Bogha Ceatha ag iarraidh cur lena bhfoireann, dá ngrúpa iarscoile. Níl aon cháilíochtaí ag teastáil ach tá sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge chumarsáideach ag iarrthóirí, go mbeadh iarrthóirí cineálta, cairdiúil agus sásta a bheith ag obair le gasúir idir 4-12 bliain d'aois. 1:30-5:30 na huaireanta oibre. Le níos mó eolais a fháil, glaoigh ar 091 897 851

# SEOLADH FEACHTAIS

Seolfar feachtais bailiúcháin airgid ag Scoil Cholmcille, Ros a' Mhíl ar an Aoine 20 Deireadh Fómhair @ 7.i.n. Táthar ag súil gur uair an chloig a mhairfidh an seoladh. Fáilte roimh chách!

# TRAD TALK

Beidh 'Trad Talk' ar siúl i Stiúideo Cuan ar an Satharn 21 Deireadh Fómhair. Clisteacht chainte a bhéas i gceist, áit a bhéas plé ar na healaíona béil leis na scéalaithe Máirín Mhic Lochlainn agus Ciarán Ó Maicín chomh maith leis an scríbhneoir Fearghas Mac Lochlainn a bhéas ag caint ar lúibíní agus agallamh beirt. Cuirfear tús leis an lá @ 11r.n. Tá costas de €10 ar thicéad don lá, agus cuirfear soláistí éadroma ar fáil.

Beidh oíche ómóis do Charlie Lennon ag tosú @ 8i.n. Tá costas €20 ar thicéad don cheol choirm seo.



# CEARDLANN DO CHUMADÓIRÍ AMHRÁN

Tá ceardlann do chumadóirí amhrán Gaeilge á réachtáil ag Cló Iar-Chonnacht sa Spidéal ar an Satharn 28 Deireadh Fómhair i gcuimhne ar Phádraig Ó hAoláin (1944 - 2021), Tiobrad Árannach ildánach a chum an t-amhrán 'Cóilín Phádraig Shéamais'. Beidh an cheardlann dírithe ar chumadóirí amhrán den uile chineál. Tugtar cuireadh do chumadóirí ar mhaith leo a bheith páirteach sa gceardlann sampla dá saothar a sheoladh chuig Micheál Ó Conghaile roimh 21 Deireadh Fómhair. Beidh fáilte roimh ábhar ó chumadóirí nua chomh maith le cumadóirí aitheanta. Roghnófar na saothair is feiliúnaí le plé ag an gceardlann agus seolfar saothar gach cumadóra chuig gach duine a bheas ag freastal ar an gceardlann, le go mbeidh deis roimhré acu iad a léamh is a mheas. Níl aon táille i gceist. Tá áit do dheichniúr ar an gceardlann. Le áit a chur in áirithe ar an gceardlann ní mhór do chumadóir sampla dá c(h)uid oibre a sheoladh chuig moccic22@outlook.com faoin Satharn 21 Deireadh Fómhair. Micheál Ó Conghaile agus Ciarán Ó Fátharta a bhéas i mbun na ceardlainne.

# COMÓRTAS FILÍOCHTA BASHO


Tá comórtas filíochta, bunaithe ar an ‘Haiku’ á reáchtáil ag IMRAM i gcomhar le Éigse Éireann. Duais Basho is ainm don chomórtas atá dírithe ar scoileanna iar-bhunoideachais. Dáinín gairid atá i gceist le ‘haiku’ nach mbíonn ach trí líne ann de ghnáth, gan dul thar 17 siolla. ‘Sé Gabriel Rosenstock a bheas ina mholtóir ar an gcomórtas. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 20 Deireadh Fómhair. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le: eigse@poetryireland.ie

# GRADAM ÁRAS CHOIS FHARRAIGE

Tá Gradam Áras Chois Fharraige á reáchtáil arís i mbliana, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tugann an gradam deis do mhic léinn altranais cur lena gcuid traenála agus taithí trí phost traenála páirt aimseartha a fháil ag an Áras, chomh maith le duais de €1,000 le cúnamh a thabhairt dóibh lena gcuid staidéir. Le cur isteach ar an gcomórtas, iarrfar ar iarrthóirí aiste (500 focal) a scríobh bunaithe ar an teideal *Na buntáistí a bhaineann le timpeallacht Ghaeilge labhartha d'Aosaigh atá ina gcónaí i dteach altranais*. Ní mór cló 'Arial' (12) agus spásáil dhúbailte a úsáid. Bronnfar 50% de na marcanna ar chur i láthair agus caighdeán na Gaeilge, agus beidh 50% eile ar fáil d'ábhar an aiste. Chomh maith le sin, beidh ar na hiarrthóirí dul faoi agallamh le bainistíocht an Árais. Tá an comórtas oscailte do mhic léinn a chuireann tús lena gcuid staidéir altranais i 2023. Ní mór d'iarrthóirí a n-iarratas a sheoladh ag an Áras roimh an Aoine 3 Samhain. Ní mór d'ainm, do sheoladh agus sonraí teagmhála a chur san áireamh. Is féidir iarratais a sheoladh ag Áras Chois Fharraige, Páirc, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

# CLUB LEABHAIR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh Club Leabhar Chois Fharraige le chéile ar an 8 Samhain, i dTigh Mholly le 'Fanacht Fada...agus scéalta eile' le Seán Ó Cadhain a phlé. Cnuasach de scéalta ficsean, de chuid Choiscéim atá ann. Is féidir an leabhar a cheannach ar líne nó go díreach ó Chló Iar-Chonnacht agus ón Siopa Leabhar. Cuirfear tús le cúrsaí @ 9i.n. Fáilte roimh chách.



# FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE DE CHUID IMRAM

**Cuireadh tús le Féile Litríochta Gaeilge de chuid IMRAM le gairid (18-21 Deireadh Fómhair) agus beidh sí ar ais arís le linn na Samhna (10-18). Is í aidhm na Féile Litríochta ná le litríocht na Gaeilge a chur i gceartlár an tsaoil phoiblí in Éirinn. Tacaíonn an Fhéile bhliantúil seo le scríbhneoirí, spreagrann sí díospóireacht agus meallann sí cainteoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge in Éirinn agus ar fud na cruinne! Tá clár iontach á reáchtáil ag IMRAM i mbliana, atá ar fáil ina iomlán ar an suíomh www.imram.ie**






# CAMPA DRÁMAÍOCHTA NA SAMHNA

**Tá campa drámaíochta na Samhna á reáchtáil ag Fíbín sa Taibhdhearc ar an 30ú Deireadh Fómhair - 2ú Samhain. Mairfidh an campa ó 10r.n.-2.30i.n. chuile lá. Gearrfar táille de €60 in aghaidh an pháiste. Beidh an campa feiliúnach d'aisteoirí óga idir 7-12 bliain. Díreofar ar scileanna agus ar mhuinín an aisteora a fhorbairt, ag baint úsáide as teicnící spraíúla. Meascán de dhrámaíocht, cheol, ghluaiseacht agus go leor eile a bhéas ann. Beidh deis ag na haisteoirí óga a gcuid samhlaíochta agus tallainne a roinnt leis an saol nuair a chuirfidh siad taispeántas beag ar siúl ar stáitse iomráiteach na Taibhdheirce, ar an Aoine 2ú. Is féidir clárú don champa anseo: https://docs.google.com/forms/d/e/1FAIpQLSfJYvjKB8oh6thnBW7RUTpt3XyrcA8jKUw50maVYRCC1CTxBw/viewform**

# SEOLADH LEABHAIR: COIS FHARRAIGE

Seolfar an leabhar *Cois Fharraige* le John J Keady ar an Aoine 20 Deireadh Fómhair @ 7:30i.n. ag An gCrúiscín Lán sa Spidéal. Is féidir cóip den leabhar a cheannach ag Cló Iar-Chonnacht ar €18, ach beidh lascaine ar fáil ar an oíche (€15).




# OÍCHE GLIOGAR AG SEANSCOIL SAILEANRA

Tá oíche ceoil á reáchtáil ag *Gliogar* i Seanscoil Sailearna ar an Aoine 20 Deireadh Fómhair. I measc na gceoltóirí iontacha a bhéas le cloisteáil tá Colm Seoighe & Na hEasógaí, The Brigideens agus Trá Pháidín. Is féidir ticéad a cheannach ar €15 ag www.bit.ly/gliogar Osclófar na doirse @ 7:30i.n.



# MAIDIN CHAIFE AG SEANSCOIL SAILEARNA

Tá maidin chaife á reáchtáil ag Comharchumann Shailearna i gcomhar le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, ag tacú le 'Mí Meabhairshláinte Dhomhanda'. Beidh an mhaidin chaife ar siúl ar an Máirt 24 Deireadh Fómhair ó 11r.n. - 1i.n. Fáilte roimh chách.






# SCÉALAÍOCHT LE
# MÁIRIN MHIC LOCHLAINN

**Beidh Ceardlanna Scéalaíochta á reáchtáil ag Máirín Mhic Lochlainn in Ionad an Léann Éireannach in Ollscoil na Gaillimhe go luath. Bhí seisiún amháin ar siúl cheana féin i Mionlach ar an gCéadaoin 18 Deireadh Fómhair agus beidh an chéad cheann eile ar siúl san Ionad ar Bhóthar na Díge ar an gCéadaoin 25 Deireadh Fómhair. Cuirfear tús leis an gceardlann @ 7i.n. agus tá fáilte mhór roimh an bpobal!**